


ULAI DH NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Ócáid cheiliúrtha d'Áisleann Rann na Feirste

DÉANFAR ceiliúradh ar thógáil Áisleann Rann na Feirste ar an 10 Meitheamh ag 7.00i.n. san Áisleann. Beidh Aifreann comhcheiliúrtha leis an Athair Micheál Ó hOireachtaigh, an tAthair Lorcán Ó Searcaigh agus an tAthair Donncha Ó Baoill ar siúl agus, i ndiaidh an Aifreann, beidh sólaistí bia ar fáil.

Tabharfar deis don phobal dul ar thuras speisialta chun an foirgneamh a fheiceáil i gceart freisin. Bunaíodh coiste Áisleann Rann na Feirste i 1997 agus ó shin i leith tá fiosrú déanta acu ar riachtanais agus ar mhian an phobail. Thug siad cuairt ar ionaid oidhreachta agus léinn sa chontae agus trasteorainn agus thug siad aird ar leith ar na gnéithe a bhí tarraingteach do chuariteoirí.

Mar thoradh ar a gcuid oibre tá

áisleann ann anois a dhéanfaidh freastal ar an bpobal áitiúil agus a mheallfaidh cuairteoirí. Nuair a chuir an rialtas deireadh le tacaíocht airgid a sholáthar do thograí ionad pobail, shíl an Coiste go raibh deireadh lena dtionscnamh. Mar gheall ar chruinniú a d'éagraigh Pat the Cope Ó Gallchóir, a bhí ina Aire ag an am, agus Cathal Mac Suibhne ó Údarás na Gaeltachta, le Paddy Harte ón gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn, tháinig an togra slán.

Dúirt Stiofán Ó Dónaill, cathaoirleach an choiste, gur ócáid stairiúil a bheidh ar siúl an 10 Meitheamh. Beidh ócáid eile ar siúl ar an Satharn, 19 Meitheamh, nuair a bheidh an cluiche náisiúnta, "Who wants to be a Thousandaire" á chur i láthair ag Coiste Airgid na hÁislinne, ag tosú ag 8.00i.n.

Cruinniú faoi fhorbairtí i gceantar álainn

le hEoin Mac Garvey

TÁ cruinniú poiblí á eagrú an deireadh seachtaine seo in Iarthuaisceart Thír Chonaill ag grúpa atá míshásta faoi roinnt forbairtí a bhfuil imní ar an phobal a go ndéanfaidís dochar don timpeallacht.

Faoi láthair tá brú á chur ar an mBord Soláthair agus Eirgrid faoin phlean le líne chumhachta 100kv a thabhairt fríd iarthuaisceart an chontae agus anois tá brú le cur ar lucht mianadóireachta agus feirmeacha gaoithe.

Is iad Coiste Caomhnaithe Ghaoth Bearra atá ag eagrú an cruinnithe, coiste atá lonnaithe i gceantar Ghaoth Bearra i Leitir Mhic a' Bhaird, ceann de na ceantair is áille

san iarthuaisceart agus abhainn Ghaoth Bearra ina rith fríd. Turasóirí atá ag teacht isteach a fhad le hiarthuaisceart an chontae ó dheisceart tíre, beidh orthu droichead Ghaoth Bearra a thrasnú agus tá na radharcanna ansin rompu.

Níos luaithe i mbliana tugadh cead ionchais don chomhlacht Mytillus Mining Limited don cheantar, agus beidh cuid den líne chumhachta 100kv ag dul an treo seo chomh maith.

Cheadaigh an tAire Eamon Ryan cead ionchais i gcaoga baile fearainn i gceantar Ghaoth Bearra in ainneoin gur cuireadh go leor achainithe chuige ó dhaoine agus ó ghrúpaí áitiúla. Má thagtar ar mhíotail fhiúntacha leis an ionchas seo beidh 'cyanide' á úsáid lena dtabhairt os cionn talaimh, de réir an ghrúpa áitiúil.

Tá go leor speiceas cosanta atá aitheanta sa cheantar áirithe seo - bradán, fia, agus thar 500 rón gan trácht ar éanlaith, macasamhail an iolair agus an traonaigh agus tá imní ar dhaoine go gcuirfí isteach air seo uilig.

Dhiúltaigh an tAire Ryan cruinniú a bheith aige leis an choiste timpeallachta áitiúil i ndiaidh dó an cead a thabhairt don chomhlacht mianadóireachta.

Is i dteach tábhairne Elliot i Leitir Mhic a' Bhaird a bheas an cruinniú poiblí amárach (Dé Sathairn) ag ceathair a chlog agus beidh cainteoirí éagsúla i láthair. Tá an lucht eagraithe ag imní ar an phobal agus lucht tithe saoire sa cheantar bheith i láthair.

Neart ceoil agus rinne i gContae an Dúin

BEIDH deireadh seachtaine náisiúnta rinne céilí ar siúl in Ionad Comhdhála agus Spriodáiltachta Dromantine, san Iúir i gContae an Dúin ón 18-20 Meitheamh 2010. Tá sé seo á eagrú ag Cairde Rinne Céilí na hÉireann. Beidh ceardlanna, cainteanna, traenáil múinteoirí, Aifreann dátheangach agus go leor eile ar siúl le linn an deireadh seachtaine. Beidh Fíor-Chéilí ar siúl oíche Dé hAoine ag a naoi a chlog agus beidh an banna ceoil Copperplate ag casadh ag an am céanna oíche Shathairn. Is iad an banna ceoil Seanóg a bheidh ag seinm ar an Domhnach ag a dó a chlog. Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil ar www.ceilidancing.com.

Oibrithe Adhmaid Loch an Iúir

Le Danny Brown

NUAIR a labhraíonn na saineolaithe eacnamaíochta ar bhorradh a bheith ag teacht ar chúrsaí gnó sa tír, ní dócha go mbíonn siad ag smaoineamh ar bheirt deartháir atá faoi bhun 14 bliana d'aois.



Banríon Fhéile Anagaire 2010, Tanya Sharkey agus 'Little Miss' Fhéile Anagaire Roisín Bogie ón deireadh seachtaine seo caite.

Ach tá Rónán McGarvey (13) agus a dheartháir Conor (10), as Loch an Iúir i nGaeltacht Dhún na nGall, ag bailiú clú agus cáile chucu féin mar oibrithe adhmaid den scoth.

Déanann siad pinn as adhmaid a dheileann siad féin sa cheardlann atá acu taobh amuigh den teach sa bhaile beag sna Rosa.

Tá siad ag dul don obair oilte seo le bliain ó rinne siad freastal ar cheardlann leis an saor adhmaid Geoff Tulip i mBaile Aontroma.

Bhain siad úsáid as airgead a fuair siad don bhreithlá le deileanna agus trealamh eile a cheannach agus thosaigh siad ar an ghnó pinn agus babhlai beaga a dhéanamh.

Tá siad ag dul ó neart go neart ó shin agus, an mhí seo a chuaigh thart, fuair siad ordú ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair do phinn s'acu do Bhronnadh na nGradam sa scoil.

Tá a gcuid ábhar ar díol cheana féin in Ionad Chois Locha, Dún Lúiche, in Aerfort Dhún na nGall, i nGaith Dobhair, ar an Mhullach Dearg, i mBaile Dhún na nGall agus i gCill Mhic Néanain.

Bíonn siad i gcónaí ag cuartú adhmaid maith don deileadh agus dúirt Rónán go bhfuil suim ar leith acu san iúir agus sa dair phortaigh ach go bhfuil sé deacair teacht orthu.

Baineann siad úsáid as an iúir, an fhuinseog, dair, ológ agus an gallchón lena gcuid earraí a dhéanamh agus bíonn siad ag freastal ar chruinnithe de chuid an Irish Woodworkers Guild (IWG) go rialta i Sraith an Urláir.

Is féidir níos mó eolais a fháil faoin

bheirt iontach seo agus faoina gcuid earraí ar www.donegalpens.com.

Raidió Fáilte ag tairiscint ranganna Gaeilge saor in aisce

BEIDH clár nua foghlama, 'Cúpla Focal', á chraoladh ar Raidió Fáilte 107.1FM ón Luan seo chugainn ar aghaidh, ag a 9i.n. Beartaíodh ar an gclár seo a thosú i ndiaidh go bhfuair Raidió Fáilte aischothú dearfach ar shuirbhé a reáchtáil siad le déanaí. Sa suirbhé, léirigh 45% de na héisteoirí suim i ranganna Gaeilge. Shocraigh Dónall Mac Murchaidh, Comhordaitheoir na dTionscal Cruthaitheach, sraith nua ranganna bunaithe ar an leabhar Buntús Cainte, a thaifeadadh. Beidh amhráin, scéalta, frásaí, seanfhocail agus dánta i nGaeilge ar an gclár freisin, agus mairfidh gach clár 30 nóiméad. Tá 30 clár sa tsraith.

Dar le bainisteoir an stáisiúin, Fergus Ó hÍr, is deis iontach é seo chun 'droichead a thógáil idir pobal na Gaeilge agus iad siúd nach raibh an deis acu an Ghaeilge a fhoghlaim go dtí seo.' Déanfar athchraoladh ar na ranganna gach Satharn ag a 2 i.n. agus gach Luan ag a 1 i.n.



Na deartháireachta Ronan, 13, (ar chlé) and Conor Mc Garvey, 10, ina gceardlannag Loch an Iúir i nDún na nGall, áit a thairginn siad pinn lamhdhéanta Dhún na nGall. A suomh idirlin ná www.donegalpens.com